



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## Scrúdú na hArdteistiméireachta 2021

### Bitheolaíocht

Ranna A agus B agus Freagarleabhar

Ardleibhéal

Dé Máirt 15 Meitheamh Tráthnóna 2:00 – 5:00

290 marc

Scrúduimhir

<input type="text"/>					
----------------------	----------------------	----------------------	----------------------	----------------------	----------------------

Lá agus Mí do Bhreithe

<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>
----------------------	----------------------	----------------------	----------------------

Mar shampla, cuirtear  
3 Feabhra isteach mar 0302

Stampa an Ionaid

<input type="text"/>
----------------------

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéis 2021 d'fhoill an chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chuíteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéis i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus Lá agus Mí do Bhreithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú sa fhreagarleabhar seo. Déanfar an freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh. Ní ceadmhach duit peann luaidhe a úsáid ach amháin le haghaidh sceitsí, graf agus léaráidí.

Tá trí roinn sa scrúdú seo. Cuirtear ceisteanna Roinn **C** ar fáil i gceistpháipéar eile, ach ní mór duit do chuid freagraí a scríobh sa fhreagarleabhar seo.

Moltar duit gan níos mó ná 30 nóiméad a chaitheamh ar Roinn **A** agus 30 nóiméad ar Roinn **B**, sa tslí go mbeidh 120 nóiméad agat do Roinn **C**.

Roinn **A**: Freagair **ceithre** cheist ar bith as an roinn seo.  
Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist.

Roinn **B**: Freagair ceist **amháin** ar bith as an roinn seo.  
Tá 30 marc ag gabháil le gach ceist.

Roinn **C**: Freagair **trí** cheist ar bith as an roinn seo.  
Tá 60 marc ag gabháil le gach ceist.

**Roinn A**  
**Freagair ceithre cheist ar bith.**  
**Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.**

1. Freagair **cúig** cinn ar bith de na codanna (a) go (f) a leanas:

- (a) Sainaithin difear **amháin** idir saillte agus olaí ag teocht an tseomra.


- (b) Is dhá chineál lipide iad tríghlicrídí agus fosfailipidí.

Sainaithin difear **amháin** idir tríghlicríd agus fosfailipid.


- (c) Sainaithin ról meitibileach **amháin** do lipidí i gcealla.

--

- (d) Ainmnigh vitimín **amháin** atá intuaslagtha i saill agus a bhíonn i mbia.

--


- (e) Ainmnigh neamhord **amháin** atá bainteach le heaspa an vitimín atá ainmnithe i gcuid (d) thuas.

--

- (f) Ainmnigh dúil **amháin** a bhíonn i salainn tuaslagtha i mbia.

--

2. Sa léaráid thíos taispeántar roinnt céimeanna sa timthriall nítrigine.



- (a) Cén fáth a dteastaíonn nítrigin ó orgánaigh?

- (b) Ainmnigh na próisis atá léirithe ag **A** agus **B** sa léaráid thusas.

A:
B:

- (c) Ainmnigh an cineál bainteár atá páirteach sa phróiseas atá léirithe ag **C** sa léaráid thusas.


C:
----

- (d) Is féidir méid na níotrátí ithreach a mhéadú mar thoradh ar scaipeadh leasachán le linn obair thalmhaíochta. Déan cur síos achomair ar **dhá** thoradh a d'fhéadfadh a bheith ar an gcleachtas sin.

1.
2.

- (e) Ar an léaráid, cuir litir **D** ar shuíomh **amháin** ina mbíonn dianscaoilteoirí ag gníomhú.

3. Sa léaráid taispeántar núicléas de chill dhioplóideach atá ag dul faoi chéim amháin den miotóis. Freagair iad seo a leanas maidir leis an miotóis.



- (a) Ainmnigh céim na miotóise a thaispeántar sa léaráid.

- (b) Cosain an freagra a thug tú i gcuid (a) thusa.

- (c) Sainaithin an chuid a bhfuil an lipéad X uirthi sa léaráid.

- (d) Mínigh an téarma *dioaplóideach*.


- (e) Cad é uimhir dhioplóideach na cille sin?

- (f) Tabhair breac-chuntas ar fheidhm **amháin** atá ag an miotóis sa duine.

- (g) Tabhair sampla **amháin** de chill dhaonna nach dtáirgtear tríd an miotóis.

4. Sa léaráid thíos, léirítéar teoiric reatha maidir le gníomhú einsíme.



- (a) Sainaithin cad dó a seasann gach ceann de na lipéid **A** agus **B**.

A:

B:

- (b) Cén teoiric maidir le gníomhú einsíme a léirítéar sa léaráid?

- (c) Cén cineál imoibrithe mheitibiligh a léirítéar sa léaráid?

- (d) Cosain an freagra a thug tú i gcuid (c) thusa.


  

- (e) Cad is brí le sainiúlacht maidir le heinsímí?

- (f) Sainaithin an orgánaid cille ina dtáirgtear einsími.

5. Sa léaráid, taispeántar cuid de na céimeanna luatha i bhforbairt an tsutha dhaonna.



- (a) Ainmnigh an rud a tharlaíonn ag **A** sa léaráid.

- (b) Sainaithin an hormón is cúis le tarlú an ruda d'ainmnigh tú i gcuid (a) thuas.

- (c) Sainaithin na céimeanna a bhfuil na lipéid **B** agus **C** orthu i bhforbairt an tsutha.

B:
C:

- (d) Cén rud a tharlaíonn agus a léirítear ag **D** sa léaráid?

- (e) Ainmnigh an **dá** fhíochán a bhíonn páirteach i gcruthú na placainte.

Fíochán 1:
Fíochán 2:

6. Cuir tic (✓) sa bhosca cuí i ngach cás lena thaispeáint cé acu fíor nó bréagach atá **gach** ceann de na ráitis seo a leanas.

	Fíor	Bréagach
(a) Táltar aidréanailín san fhuil nuair a bhíonn duine faoi bhagairt.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
(b) Is táirgeoirí iad plandaí; ach fós bíonn miteacoindrí ag teastáil uathu.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
(c) Iompraítéar tarchuradóirí néarógacha san fhuil.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
(d) Is fréamh é práta atá modhnaithe chun bia a stórail.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
(e) Baineann an saothrúchán fíocháin le cealla a fhás ar mheán saorga.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
(f) Tá ceithre chnámh sa chluas láir.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
(g) Bíonn plandaí monacotailéadónacha luibheach nach mór i gcónaí.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

7. I gcás **gach** péire téarmaí seo a leanas, déan idirdhealú soiléir idir an chéad téarma agus an dara téarma trí abairt ghearr a scríobh faoi gach téarma díobh.

(a) Carpasach agus tarsach.


(b) Teannán agus ballnasc.


(c) Bíceips agus tríchéips.


(d) Oistéablast agus oistéaclast.


(e) Cnámharlach aiseach agus cnámharlach aipindiceach.


## Roinn B

Freagair ceist amháin ar bith.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

Gabhann 6 mharc le cuid (a) agus gabhann 24 marc le cuid (b) i ngach ceist sa roinn seo.

8. (a) Freagair codanna (i) agus (ii) i dtaca le prionsabail na turgnamhaíochta.

(i) Cá ndéantar torthaí iniúchta a thuairisciú agus a fhoilsiú de ghnáth?

(ii) Mínigh tábhacht an roghnaithe randamaigh i ndearadh turgnamh.

- (b) Freagair iad seo a leanas i dtaca le roinnt iniúchtaí saotharlainne a rinne tú.

(i) Le linn duit tástálacha bia cáilíochtúla a dhéanamh:

1. Cén t-imobreán nó ceimiceáin a d'úsáid tú chun a thástáil cé acu a bhí próitén i láthair?

2. Cén dath a léiríonn go bhfuil próitén i láthair i sampla bia?

(ii) Le linn duit DNA a aonrú as fíochán planda:

1. Cén fáth ar mhionghearr tú an fíochán?

2. Cén fáth ar chuir tú salann leis an bhfíochán mionghearrtha?

3. Cén fáth ar chuir tú leacht níocháin leis an bhfíochán mionghearrtha agus salann?

4. Ansin rinneadh an tuaslagán de leacht níocháin, fíochán mionghearrtha agus salann a théamh go 60°C ar feadh 15 nóiméad.

Déan cur síos ar conas a aonraíodh an DNA ansin as an tuaslagán sin.

9. (a) (i) Cad is brí le dínadúrúchán einsíme?

- (ii) Seachas teocht, tabhair cúinse **amháin** a dhéanfaidh dínadúrúchán ar einsím.

- (b) Freagair codanna (i) agus (ii) maidir le gníomhaíocht saotharlainne a rinneadh chun iniúchadh a dhéanamh ar dhínadúrúchan teasa ar einsím ainmnithe.

Ainm na heinsíme:

- (i) Déan cur síos ar an tslí ar déileáladh leis an einsím san iniúchadh tástála **agus** sa chóimheastóir.

Tástail:

Cóimheastóir:

- (ii) Cuir torthaí an iniúchta tástála i gcomparáid le torthaí an chóimheastóra.

Tástail:

Cóimheastóir:

Freagair codanna (iii) agus (iv) i dtaca le hiniúchadh saotharlainne a rinneadh maidir le tionchar na teochta ar ráta gníomhaíochta einsíme ainmnithe.

Ainm na heinsíme:

- (iii) Conas a thomhais tú ráta gníomhaíochta na heinsíme?

- (iv) Cuir lipéid ar na haiseanna thíos **agus** tarraing cuar chun a léiriú conas a athraíonn ráta gníomhaíochta einsíme de réir na teochta.

10. (a) (i) An orgánach aoncheallach nó ilcheallach é giesta duille?

- (ii) Ainmnigh an cineál atáirgthe ghnéasaigh a tharlaíonn sa ghiosta.

- (b) In iniúchadh ar fhás giestaí duille, cuireadh braich ar thrí phláta agair, mar a thaispeántar sa tábla, agus cuireadh i dtaisce i ngoradán iad ag teocht 25°C ar feadh 7 lá.

Pláta	Leagan amach an iniúchta	Torthaí tar éis 7 lá
A	Níor osclaíodh é	0 coilíneacht
B	5 dhiosca duille ó chrann fuinseoige i suíomh ciúin faoin tuath	10 gcoilíneacht
C	5 dhiosca duille ó chrann fuinseoige i suíomh gnóthach uirbeach	4 choilíneacht

- (i) Cén cuspóir atá leis an mbraich ar na plátaí sin?

- (ii) Cén fáth a raibh íochtar an duille in éadan an agair?

- (iii) Cén cuspóir atá le pláta A san iniúchadh sin?

- (iv) Sainaithin an dath atá ar choilíneachtaí an ghiosta duille ar phláta B.

- (v) Mol cúis **amháin** leis an difear sna torthaí idir pláta B agus pláta C.

- (vi) Déan cur síos ar **dhá** theicníc aiseipteacha a cuireadh i gcrích san iniúchadh sin chun nach bhfásfadhbh miocróib eile.

1.
2.

- (vii) Luáigh modh diúscartha ceart **amháin** le haghaigh na bplátaí sin tar éis an iniúchta.

# Freagarleabhar do Roinn C

## Treoracha

Cuirtear ceisteanna Roinn C ar fáil i gceistpháipéar ar leithigh.


Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua. Scríobh uimhir na ceiste sa bhosca ar bharr gach leathanáigh. Úsáid an colún ar thaobh na láimhe clé chun gach cuid a lipéadú, mar a thaispeántar thíos.


Part <i>Cuid</i>	Question <i>Ceist</i>	0      4	Start each question on a new page <i>Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua</i>
(a)			
(b)(i)			
(b)(ii)			


Tá ceithre leathanach grafpháipéir ar fáil ar na chéad cheithre leathanach eile sa fhreagarleabhair seo. Ar an ngrafpháipéar, is ag bun an leathanáigh atá an bocsca i gcomhair uimhir na ceiste.


Ní gá duit gach leathanach sa fhreagarleabhar seo a úsáid. Ach má úsáideann tú an spás ar fad sa fhreagarleabhar seo, is féidir páipéar breise nó grafpháipéar breise a iarraidh ar an bhfeitheoir.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh. Féadfaidh tú peann luaidhe a úsáid le haghaidh sceitsí, graf agus léaráidí.









Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid


Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



## Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



## Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



## Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



## Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



## Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

## Ná scríobh ar an leathanach seo

### Fógra cóipchirt

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir *Alt 53(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, (2000)*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

**Bitheolaíocht Ranna A agus B agus Freagarleabhar**

Dé Máirt 15 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 – 5:00



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## Scrúdú na hArdteistiméireachta 2021

### Bitheolaíocht

Róinn C  
Ardleibhéal

Dé Máirt 15 Meitheamh Tráthnóna 2:00 – 5:00

180 marc

Ná tabhair ar ais an ceistpháipéar seo

## Roinn C

### Freagair trí cheist ar bith.

#### Scríobh do chuid freagraí sa fhreagarleabhar ina bhfuil Roinn A agus Roinn B.

11. (a) (i) Tarraing pirimid uimhreacha ón mbiashlabhra seo a leanas:

Bainne bó bleachtáin → Leamhan → Ialtóg → Fineoga

- (ii) Tabhair teorainn **amháin** a bhaineann le pirimidí uimhreacha a úsáid san éiceolaíocht. (9)

- (b) Tar éis dóibh cúpláil lena chéile san fhómhar, déanann ialtóga na hÉireann geimhriú ar feadh an gheimhridh agus ansin tosaíonn siad ag bíogadh chun beochta arís san earrach dar gcionn. I dtús an tsamhraidh cuireann na cinn bhaineanna thorracha faraí máithreachais ar bun i seanfhoirgnimh, in áiléir, faoi dhroichid agus i suíomhanna cuí eile nach ndéantar aon chur isteach orthu, áit a mbeireann siad agus a dtógann siad a gceanna óga. Tá pobail na n-ialtóg ag meath, go ginearálta, de réir mar atá láithreacha fara á gcaillleadh de bharr na tógála, agus chomh maith leis sin tá ialtóga á nimhiú agus tá a gcreach feithidí á marú i ngeall ar an méadú atá ag teacht ar úsáid na lotnaidicídí.

Is í an ialtóg fheascrach nó an ialtóg shopránach an speicis ialtóige oíche is lú agus is coitianta atá againn, agus is suntasach an méid a íosfaidh siad mar lón beatha in aon oíche amháin – thart ar 3,500 míoltóg, muiscít, leamhan agus feithid bheag eile. Murach na hialtóga bheimis céasta ag saithí feithidí prioctha i bhfad níos mó tráthnóntha breátha teo an tsamhraidh.

*(Curtha in oiriúint as “Batty about Irish bats!” www.irelandswildlife.com, 2012)*

- (i) Mol buntáiste **amháin** a bhaineann le baineannaigh bheith ag breith i dtús an tsamhraidh seachas san earrach.  
(ii) Ainmnigh **agus** mínígh gníomhaíocht **amháin** an duine a théann i bhfeidhm ar phobail ialtóg na hÉireann.  
(iii) Bíonn ialtóg agus feithid páirteach i gcaidreamh idir creachadóir agus creach. Sceitseáil graf de chaidreamh idir creachadóir agus creach, agus lipéadaigh é go hiomlán, chun a thaispeáint an chaoi a mbíonn pobail an dá speiceas sin ag luainiú.  
(iv) Ainmnigh cineál **amháin** oiriúnaithe atá riachtanach chun go mairfeadh orgánaigh.  
(v) Ón téacs thuas, nó ar shlí eile, tabhair **dhá** oiriúnú atá sna ialtóga. (27)
- (c) (i) Cad is brí le caomhnú speiceas?  
(ii) Ainmnigh cleachtas **amháin** caomhnaithe sa talmhaíocht **nó** san iascach **nó** san phoraoiseacht **agus** déan cur síos air.  
(iii) Déanann éiceolaithe monatóireacht nó suirbhéireacht ar líon pobal ainmhithe ar bhonn rialta.
  1. Mol buntáiste **amháin** leis na suirbhéanna sin a dhéanamh.
  2. Déan cur síos ar na céimeanna a tugadh chun meastachán a dhéanamh ar an líon atá i bpobal de speiceas ainmhí ainmnithe san éiceachórás a ndearna tú staidéar air. (24)

12. (a) (i) Luaign **dhá** ghníomhaí a d'fhéadfadh bheith ina gcúis le sócháin.  
(ii) Sainaithin tréith **amháin** de chuid ailléilí sóite i bpobal.

(9)

- (b) Bíonn éagsúlacht i gcruth an tsíl agus i ndath an tsíl i bplandaí pise.  
Tá síol cruinn (C) ceannasach ar shíol roeach agus tá síol buí (B) ceannasach ar shíol glas.  
Níl na géinte sin nasctha.

- (i) Scríobh géinitíopa planda atá heitrisigeach maidir leis an dá thréith.  
(ii) Cad iad na gaiméítí a d'fhéadfadh an planda sin i gcuid (i) thusas a tháirgeadh?  
(iii) Conas a léiríonn táirgeadh na ngaiméítí sin i gcuid (ii) thusas dara dlí Mendel (maidir leis an tsaorshórtáil)?  
(iv) Rinneadh an planda i gcuid (i) thusas a chrosáil le planda a bhí homaisigeach cúlaitheach i leith chruth an tsíl agus dhath an tsíl araon.

Úsáid cearnóg *Punnet* chun a thaispeáint conas a fuarthas na torthaí seo a leanas.

115 planda le síolta cruinne buí	115 planda le síolta rocacha buí
114 planda le síolta cruinne glasa	116 planda le síolta rocacha glasa

- (v) Sainaithin géinitíopaí an tsleachta a thugann isteach an éagsúlacht sa chrosáil i gcuid (iv) thusas.


(27)

- (c) Tá gén na haemaifilia (n) gnéasnasctha agus cúlaitheach. Níl aon leigheas ar an haemaifilia faoi láthair, ach i dtírialacha rinneadh le gairid baineadh úsáid as innealtóireacht ghéiniteach chun 'cóip fheidhmiúil' den ghéin dhaonna a aistriú chuig daoine ar a bhfuil an haemaifilia.

- (i) Mínigh na **trí** théarma a bhfuil líne fúthu.  
(ii) Tabhair breac-chuntas ar a dtarlaíonn i ngach ceann de na céimeanna seo san innealtóireacht ghéiniteach:  
1. Aonrú  
2. Gearradh  
3. Léiriú na géine.  
(iii) Tabhair feidhm **amháin** a bhaintear as an innealtóireacht ghéiniteach in ainmhithe, seachas an ghéinteiriipe i gcomhair na haemaifilia.  
(iv) Tabhair feidhm **amháin** a bhaintear as an innealtóireacht ghéiniteach i bplandaí.

(24)

13. (a) (i) Tabhair sainmhíniú ar an meitibileacht.  
(ii) Scríobh cothromóid chothromaithe i gcomhair riospráid aeróbach. (9)
- (b) Sa léaráid, tugtar breac-chuntas ar cuid de na príomhchéimeanna a d'fhéadfadh tarlú le linn riospráid siúcra 6-charbón.




- (i) Cén t-ainm a thugtar ar **chéim 1** mar a léirítear í ar an léaráid?  
(ii) Sainaithin móilín **V** a scaoiltear le linn chéim 1.  
(iii) Déan cur síos ar conas a dhéantar móilín **V**.  
(iv) Ainmnigh an móilín 3-charbón a dhéantar i gcéim 1.  
(v) Sainaithin an orgánaid **W**.  
(vi) Ainmnigh **X**, an móilín 2-carbón.  
(vii) Ainmnigh an tsraith imeachtaí a léirítear le **Y**.  
(viii) Cén tsubstaint a léirítear le litir **Z** sa léaráid?  
(ix) Agus úsáid á baint as do chuid eolais ar an riospráid, déan comparáid idir an méid fuinnimh a scaoiltear nuair a úsáidtear ocsaigin **agus** an méid fuinnimh a scaoiltear nuair nach n-úsáidtear ocsaigin. (27)
- (c) Lí ghlas a fhaightear i bplandaí is ea clóraifill. Is meascán de roinnt ceimiceán éagsúil atá inti.  
(i) Ainmnigh an orgánaid cille ina mbíonn clóraifill.  
(ii) Cén fheidhm atá ag clóraifill i bplandaí?  
(iii) Mol cúis gur buntáiste é go bhfuil roinnt ceimiceán sa chlóraifill seachas ceimiceán amháin.  
(iv) Tabhair breac-chuntas ar na himeachtaí i gcéim dhorcha na fótaisintéise.  
(v) Mínigh conas atá an chéim dhorcha riachtanach ionas go leantar le céim an tsolais.  
(vi) Agus úsáid á baint as do chuid eolais ar an bhfótaisintéis, déan cur síos ar shlí **amháin** chun táirgeadh plandaí a mhéadú i dteach gloine. (24)

14. (a) (i) Cad is brí leis an téarma díleá?  
(ii) Cén fáth a bhfuil an díleá riachtanach sa duine?  
(iii) Cén t-ainm a thugtar ar an bpróiseas trína bhfaightear réidh le fuíollábhar neamhdhíleáite as corp an duine?

(9)

- (b) Sa léaráid, taispeántar fadghearradh (*L.S. i mBéarla*) de villeas i gcóras díleá an duine.

- (i) Tabhair an suíomh beacht ina mbíonn an líon is mó villeas.
- (ii) Cén phríomhfheidhm atá ag villis?
- (iii) Ainmnigh an chuid a bhfuil lipéad **X** uirthi **agus** luaigh a ról.
- (iv) Ainmnigh an fuileadán a iompraíonn cothaithigh dhíleáite ón gcóras díleá.
- (v) Cén t-orgán sa chorp a n-iompraítear cothaithigh dhíleáite chuige ar dtús?
- (vi) Tabhair feidhm **amháin** atá ag an orgán atá ainmnithe i gcuid (v) thus seachas stóráil cothaitheach.
- (vii) Ainmnigh **agus** mínígh próiseas aistrithe an bhia ar feadh an chórais díleá.



(27)

- (c) Tá ról tábhachtach ag an ‘sruth trasghalúcháin’ in iompar uisce agus mianraí suas chuig na duillí, isteach iontu agus amach astu. Gluaiseann an t-uisce agus na mianraí trí fhíocháin shoithíocha speisialaithe.

Tomhaiseadh an dlús stómach (líon na stómaí in aghaidh an mm<sup>2</sup>) de chuid trí phlanda éagsúla, agus fuarthas na torthaí a thaispeántar sa tábla.

Planda	Dlús stómach
A	43
B	28
C	68


- (i) Cé acu de na trí phlanda a mbeifeá ag súil leis go léireofaí ann an ráta trasghalaithe is íse? Mínigh do fhreagra.
- (ii) Luaigh **dhá** mhodh eile a úsáideann plandaí chun an trasghalú a rialú.
- (iii) Is dhá fhíochán shoithíocha i bplandaí iad an xiléim agus an fléam.  
Tabhair **dhá** dhifríocht struchtúracha idir an xiléim agus an fléam.
- (iv) Tarraing fadghearradh de shoitheach xiléime **agus** cuir lipéid air.

(24)

15. (a) Is féidir le horgánaigh freagairt d'athruithe ina dtimpeallacht sheachtrach agus inmheánach ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear freagairt trí an hoiméastáis.
- (i) Mínigh an téarma a bhfuil an líne faoi.
  - (ii) Ainmnigh bealach **amháin** anatamaíoch **agus** bealach **amháin** ceimiceach inar féidir le plandaí iad féin a chosaint.

(9)

- (b) Bláth atá sa léaráid.



- (i) Ainmnigh na struchtúir a bhfuil na lipéid **A**, **B** agus **C** orthu.
- (ii) An bláth feithidphailnithe nó gaothphailnithe é an bláth sin?
- (iii) Agus úsáid á baint as an léaráid, tabhair **dhá** chúis a thacaíonn leis an bhfreagra a thug tú i gcuid (ii) thuas.
- (iv) Cen ról atá ag gach ceann de na codanna a bhfuil na lipéid **A** agus **D** orthu?
- (v) Is féidir leis an mbláth sin an féinphailniú a léiriú.  
Tabhair míbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an bhféinphailniú.
- (vi) Tagann forbairt an tsíl agus an toraidh i ndiaidh toirchiú rathúil.
  1. Cén chuid lipéadaithe a fhorbraíonn ina toradh?
  2. Tabhair slí amháin ina bhféadfadh torthaí gan síol forbairt.

(27)


- (c) Tagann péacadh sna síolta i ndiaidh scapthe agus tréimhse shuanachta.
- (i) Mínigh **gach** téarma bhfuil líne faoi.
  - (ii) Tabhair breac-chuntas ar an tsíl a mbaineann speicis planda tairbhe as suanacht síolta.
  - (iii) Tabhair **dhá** ról atá ag uisce i bpróiseas an phéactha.
  - (iv) Sainaithin **dhá** thaisce bia féidearthá i síolta.

(24)

16. Freagair **dhá** cheann ar bith de (a), (b), (c), (d).

(30, 30)

- (a) Sa léaráid taispeántar roinnt codanna d'fhadghearradh (L.S. i mBéarla) trí chraiceann an duine. Baineann tábhacht leis an gcaiceann maidir le heisfhearadh agus rialú teochta.




- (i) Cén struchtúr lipéadaithe a bhíonn páirteach sa soitheach-chrapadh?
- (ii) Déan cur síos mion ar ról an tsoitheach-chraptha i rialú teochta.
- (iii) Cén struchtúr lipéadaithe a bhíonn páirteach san éirí gruaige?
- (iv) Cén struchtúr lipéadaithe a bhíonn páirteach san eisfhearadh **agus** rialú teochta araon?
- (v) Ainmnigh an táirge eisfeartha a tháirgeann an struchtúr a ainmníodh i gcuid (iv) thusa.
- (vi) Is féidir leis an duine a theas féin a ghiniúint agus teocht a choirp féin a rialú.  
Cén t-ainm a thugtar ar orgánaigh dá leithéid?
- (vii) Ainmnigh **dhá** chóras eile ina mbíonn ról ag an gcaiceann.
- (b) (i) Tarraing léaráid mhór de chóras atárgthe an fhireannaigh dhaonna.  
Cuir lipéad ar na codanna seo a leanas:

Uirí	Ducht speirmiteach	Faireog phróstatach	Úiréadra	Péineas	Cadarne
------	-----------------------	------------------------	----------	---------	---------

- (ii) Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas chun cur síos a dhéanamh ar na difríochtaí idir cineál gaiméite an fhireannaigh dhaonna **agus** an bhaineannaigh dhaonna:
1. Líon coibhneasta na ngaiméití a tháirgtear den dá cheann
  2. Minicíocht táirgthe na ngaiméití
  3. Méideanna coibhneasta.
- (iii) Cad is brí le tréithe gnéis tánaisteacha?
- (iv) Ainmnigh an hormón atá freagrach as forbairt na dtréithe gnéis tánaisteacha san fhireannach.
- (v) Tabhair cúis **amháin** le neamhthorthúlacht san fhireannach.

- (c) Coróinvíreas nua is ea SARS-CoV-2 agus tharla paindéim dhomhanda COVID-19 dá bharr in 2020. Thosaigh rás chun vacsaín a tháirgeadh. De bharr na vacsaíne cruthaítear freagairt imdhíonachta ina dtáirgtear antasubstaintí.
- (i) Táirgtear múcas sna líneálacha scannán múcasach, agus cabhraíonn an múcas sin mar bhac fisiciúil chun nach rachadh víris isteach sa chorp. Ainmnigh **dhá** áit sa chorp ina bhfaightear líneálacha scannán múcasach.
  - (ii) Tabhair an suíomh beacht sa chorp ina dtáirgtear limficítí.
  - (iii) Sainaithin an cineál sonrach limficíte a tháirgeann antasubstaintí.
  - (iv) Seachas limficítí, sainaithin cineál **amháin** eile fulchille báine a bhíonn páirteach i bhfreagairt imdhíonachta.
  - (v) Sa ghraf thíos taispeántar an táirgeadh antasubstaintí tar éis do dhuine vacsaín a fháil (**A**) agus tar éis don duine céanna a bheith ionfhabhtaithe leis an víreas (**B**).




1. Agus úsáid á baint as an eolas ar an ngraf, déan comparáid idir an fhreagairt antasubstaintí tar éis an vacsaín a fháil ag **A** agus an fhreagairt antasubstaintí tar éis a bheith ionfhabhtaithe leis an víreas ag **B**.
  2. Mol cúis leis an bhfreagra a thug tú i gcuid 1. thusas.
- (vi) Sainaithin an chuid den víreas a aithníonn na hantasubstaintí.
  - (vii) Mínigh cén fáth nach n-ordaítear antaibheathaigh chun COVID-19 a leigheas.
- (d) (i) Ainmnigh na struchtúir atá suite ag deireadh na conaire anála agus atá páirteach i malartú gás.
- (ii) Luagh **dhá** oiriúnú ar na struchtúir atá ainmnithe i gcuid (i) thusas, agus atá ann chun éifeachtacht an mhalartaithe gás a mhéadú.
  - (iii) Sainaithin an gás atá intuaslagtha i bplasma fola agus a rialaíonn an ráta análaithe.
  - (iv) Sainaithin an réigiún in inchinn an duine a bhraitheann an gás atá ainmnithe agat i gcuid (iii) thusas.
  - (v) Conas a fhreagraíonn an córas análaithe do leibhéal ard den ghás a ainmníodh i gcuid (iii) thusas?
  - (vi) Déan cur síos mion ar phróiseas an ionanálaithe.


17. Freagair **dhá** cheann ar bith de (a), (b), (c), (d).

(30, 30)

(a) Sa léaráid taispeántar orgánach a bhfuil staidéar déanta agat air.




- (i) Ainmnigh an t-orgánach a thaispeántar sa léaráid **agus** ainmnigh an ríocht lena mbaineann sé.
  - (ii) Ainmnigh an chuid a bhfuil lipéad **A** uirthi.
  - (iii) Ainmnigh an modh cothaithe a úsáideann an t-orgánach sin.
  - (iv) Déan plé ar an tábhacht sa dúlra a bhaineann leis an gcineál cothaithe a ainmníodh i gcuid (iii) thusas.
  - (v) Ainmnigh na hífi cothrománacha a bhfuil lipéad **B** uirthi **agus** luaigh an ról ata acu.
  - (vi) Tá lipéid ar spóir agus riosóidigh sa léaráid. Tabhair feidhm **amháin** atá ag gach ceann díobh.
  - (vii) Déan cur síos ar chúnse timpeallachta **amháin** a d'fhéadfadh atáirgeadh gnéasach a spreagadh san orgánach sin.
- (b) Sa léaráid thíos taispeántar orgánach aoncheallach.




- (i) Ainmnigh an t-orgánach aoncheallach a thaispeántar sa léaráid **agus** ainmnigh an ríocht lena mbaineann sé.
- (ii) Mol gnáthóg thipiciúil an orgánaigh sin.
- (iii) Speiceas creiche de chuid an orgánaigh mhóir is ea an t-orgánach a bhfuil lipéad *Euglena* air.
- (iv) Ainmnigh struchtúr **A** atá á chruthú timpeall ar an gcreach sin.
- (v) Seachas creach a thimpeallú, tabhair feidhm **amháin** eile atá ag an struchtúr a ainmníodh i gcuid (iii) thusas.
- (vi) Ainmnigh an struchtúr a bhfuil lipéad **B** air **agus** luaigh an fheidhm atá aige.
- (vii) Ainmnigh an struktúr a bhfuil lipéad **C** air.
- (viii) Déan cur síos ar **dhá** dhifríocht idir an chill sin agus cill bhaictéarach thipiciúil.

- (c) Sa léaráid taispeántar trasghearradh trí chorda an dromlaigh, mar aon le roinnt néarón ón néarchóras imeallach.



- (i) Ainmnigh an fíochán a bhfuil lipéad **X** air agus a chlúdaíonn agus a chosnaíonn corda an dromlaigh.
  - (ii) Cad is gníomhaíocht athfhillteach ann?
  - (iii) Tabhair sampla **amháin** de ghníomhaíocht athfhillteach i gcorp an duine.
  - (iv) Tabhair buntáiste **amháin** a bhaineann le gníomhaíocht athfhillteach.
  - (v) Agus úsáid á baint as na lipéid ar an léaráid, déan cur síos mion ar an tslí a n-oibríonn gníomhaíocht athfhillteach.
  - (vi) Tabhair **dhá** shlí ina bhfuil freagairt néarógach éagsúil le freagairt hormónach.
- (d) D'úsáid eolaí micreascóp solais chun féachaint ar íomhánna **A** agus **B** ina dtaispeántar na cealla eipideirmeacha céanna ó oinniún dearg in dhá thuaslagán de thiúchana éagsúla. Léiríonn na limistéir liatha dhorcha na folúsíni líonta de thuaslagán.



- (i) Ainmnigh an riocht a dhéanann cur síos ar na cealla a thaispeántar in **A**.
- (ii) Déan cur síos ar an tslí a gcoimeádann na cealla in **A** an cruth sin.
- (iii) Mol slí ina bhfuil tuaslagán **B** éagsúil le tuaslagán **A**.
- (iv) Ainmnigh an próiseas a tharla do na cealla in **B**, **agus** déan cur síos mion air.
- (v) Conas a d'fhéadfáí na cealla in **B** a thabhairt ar ais go dtí an riocht a thaispeántar in **A**?
- (vi) Déan cur síos ar conas is féidir eolas faoin bpróiseas a thaispeántar i gcealla i dtuaslagán **B** a chur i bhfeidhm ar tháirgeadh bia.
- (vii) Le linn cealla planda a ullmhú lena bhreathnú faoin micreascóp:
  1. Tabhair breac-chuntas ar conas a úsáideann eolaí clúidghloine.
  2. Mínigh cén fáth a n-úsáidtear clúidghloine.

Ná tabhair ar ais an ceistpháipéar seo

An Ardteistiméireacht – Ardleibhéal

# BITHEOLAÍOCHT

Dé Máirt 15 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 – 5:00

Ná tabhair ar ais an ceistpháipéar seo

## Fógra cóipchirt

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir *Alt 53(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara*, 2000. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dlietanas as sárú ar bith ar chearta trí páirtí a easraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.